2026/1327

17.6.2026

AISTRIÚCHÁN

Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin

Brollach

TÁ SÍNITHEOIRÍ AN CHOINBHINSIÚIN SEO,

AG MEABHRÚ DÓIBH na hoibleagáidí atá ar gach Stát faoi Airteagal 2 de Chairt na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an oibleagáid staonadh, ina gcaidreamh idirnáisiúnta, ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid in aghaidh iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil aon Stáit, nó ar aon slí eile ar neamhréir le cuspóirí na Náisiún Aontaithe, agus a ndíospóidí idirnáisiúnta a réiteach go síochánta;

AG CUR IN IÚL dóibh gur cúis mhór imní dóibh an bás, an t-easáitiú sibhialtach, scriosadh tubaisteach an bhonneagair agus na n-acmhainní nádúrtha, cailliúint maoine poiblí agus príobháidí, agus an tubaiste eacnamaíoch mar thoradh ar fhogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin;

AG MEABHRÚ DÓIBH a thábhachtaí atá sé an tsíocháin idirnáisiúnta atá bunaithe ar shaoirse, ar chomhionannas, ar cheartas agus ar urraim do chearta an duine a chothabháil agus a neartú, agus a thábhachtaí atá sé caidreamh cairdiúil a fhorbairt idir náisiúin beag beann ar a gcórais pholaitiúla, eacnamaíocha agus shóisialta nó ar leibhéil a bhforbartha;

AG MEABHRÚ DÓIBH Rún ES-11/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2022, dar teideal 'Fogha faoin Úcráin', inar cháin an Comhthionól Ginearálta go láidir fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin de shárú ar Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe;

AG MEABHRÚ DÓIBH Airteagail an Choimisiúin Dlí Idirnáisiúnta maidir le Freagracht Stát i leith Gníomhartha Éagóracha ar Leibhéal Idirnáisiúnta agus an oibleagáid atá ar an Stát freagrach cúiteamh iomlán a íoc i leith na díobhála a rinne an gníomh éagórach idirnáisiúnta;

AG MEABHRÚ DÓIBH Rún 60/147 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 16 Nollaig 2005, inar ghlac an Comhthionól Ginearálta na Bunphrionsabail agus na Treoirlínte maidir leis an gCeart chun Leighis agus Cúitimh d'Íospartaigh na Sáruithe Tromchúiseacha ar an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus na Sáruithe Tromchúiseacha ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta;

AG MEABHRÚ DÓIBH Rún ES-11/5 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 14 Samhain 2022, dar teideal 'Leigheas agus cúiteamh a chur chun cinn as an bhfogha faoin Úcráin', inar aithin an Comhthionól Ginearálta nach mór Cónaidhm na Rúise a thabhairt chun cuntais as aon sárú ar an dlí idirnáisiúnta san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear a fogha de shárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe, chomh maith le haon sárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;

AG MEABHRÚ DÓIBH gur aithin an Comhthionól Ginearálta freisin i Rún ES-11/5 nach mór do Chónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta uile a sheasamh, lena n-áirítear cúiteamh a íoc i leith na díobhála, lena n-áirítear aon damáiste, arb iad na gníomhartha sin is cúis léi;

AG MEABHRÚ DÓIBH gur aithin an Comhthionól Ginearálta freisin gur gá sásra idirnáisiúnta a bhunú, i gcomhar leis an Úcráin, chun damáiste, caillteanas nó díobháil a chúiteamh, a eascraíonn as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta de chuid Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine;

AG MEABHRÚ DÓIBH gur mhol an Comhthionól Ginearálta go gcruthódh na Ballstáit, i gcomhar leis an Úcráin, clár idirnáisiúnta damáiste chun feidhmiú mar thaifead, i bhfoirm dhoiciméadach, ar fhianaise agus ar fhaisnéis maidir le héilimh i leith damáiste, caillteanais nó díobhála do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, chomh maith le Stát na hÚcráine, arb iad gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta de chuid Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine is cúis leo, chomh maith le bailiú fianaise a chur chun cinn agus a chomhordú;

IS DÍOL sásaimh dóibh gur cruthaíodh Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin trí Rún CM/Res(2023)3 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 12 Bealtaine 2023 lena mbunaítear an Páirt-Chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin mar a dheimhnítear le Rún CM/Res(2025)3 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 9 Iúil 2025;

AG TABHAIRT DÁ n-aire freisin go bhfuil Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin oibríochtúil agus go bhfaigheann, go bpróiseálann agus go dtaifeadann sé éilimh i gcomhréir lena Reacht;

AG MEABHRÚ DÓIBH Reacht Chlár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, ina sonraítear go bhfuil obair an Chláir, lena n-áirítear ardán digiteach an chláir, ina mbeidh na sonraí uile faoi éilimh agus fianaise arna dtaifeadadh ann, ceaptha a bheith ina chéad chuid de shásra idirnáisiúnta cúitimh a bheidh ann amach anseo a bhunófar le hionstraim idirnáisiúnta ar leithligh i gcomhar leis an Úcráin;

AG TABHAIRT dá n-aire gur ionstraim idirnáisiúnta den sórt sin é an Coinbhinsiún seo agus go mbunaítear leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin, arb é an dara cuid den sásra idirnáisiúnta cúitimh é lena bhféadfaí a áireamh freisin, mar an tríú comhpháirt, ciste cúitimh amach anseo a mbeidh sainordú aige cúiteamh a íoc i leith damáiste, caillteanais nó díobhála, arb iad gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine ba chúis leo;

AG TABHAIRT dá n-aire, cé go dtugtar aghaidh leis an gCoinbhinsiún seo ar ghníomhartha éagóracha idirnáisiúnta arna ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, ní scaoiltear leis sin Cónaidhm na Rúise as aon fhreagracht as na gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta a rinne sí san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine an 20 Feabhra 2014 nó ina dhiaidh sin, ná ní choisceann sé go bhféadfaí an Coinbhinsiún seo a leasú amach anseo chun a raon feidhme ama a leathnú go dtí an 20 Feabhra 2014;

AGUS GEALLTANAS á thabhairt go gcuirfear forálacha an Choinbhinsiúin seo chun feidhme i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS Coinbhinsiún Oscailte Chomhairle na hEorpa a chomhaontú mar a leanas:

CUID I

TÉARMAÍ A ÚSÁID

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo:

(a) Ciallóidh 'Tionól' Tionól Chomhaltaí an Choimisiúin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún seo;

(b) Ciallóidh 'éilimh' de réir bhrí Airteagal 3 den Choinbhinsiún seo éilimh arna gcur faoi bhráid Chlár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine i gcomhréir lena rialacha agus, tar éis obair an Chláir a aistriú chuig an gCoimisiún faoi Chuid VII den Choinbhinsiún seo, na héilimh arna gcur isteach i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25 den Choinbhinsiún seo;

(c) Ciallóidh 'Coimisiún' an Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin arna bhunú leis an gCoinbhinsiún seo;

(d) Ciallóidh 'Coimisinéir' duine aonair arna cheapadh mar chomhalta de Phainéal i gcomhréir le hAirteagal 11 den Choinbhinsiún seo;

(e) Ciallóidh ‘an Chomhairle’ Comhairle an Choimisiúin arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún seo;

(f) Ciallóidh ‘Stiúrthóir Feidhmiúcháin’ Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Choimisiúin arna cheapadh de réir Airteagal 14 den Choinbhinsiún seo;

(g) Ciallóidh ‘Coiste Airgeadais’ Coiste Airgeadais an Choimisiúin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún seo;

(h) Ciallóidh ‘Mór-Ranníocóir’ aon Chomhalta a ranníocann, in aon bhliain airgeadais, an leibhéal is airde ranníocaíochtaí éigeantacha le buiséad an Choimisiúin bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i Rún (94)31 Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 4 Samhain 1994;

(i) Ciallóidh ‘comhalta’ aon Stát nó Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí atá tagtha chun bheith ina Chomhalta den Choimisiún trí bheith ina Pháirtí sa Choinbhinsiún seo i gcomhréir le hAirteagail 27, 28, 30, nó 31 den Choinbhinsiún seo;

(j) Ciallóidh ‘breathnóir’ aon Stát, Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí, nó eagraíocht idirnáisiúnta atá tagtha chun bheith ina Bhreathnóir ar an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27(2) den Choinbhinsiún seo;

(k) Ciallóidh ‘painéal’ Painéal Coimisinéirí a bhunófar de réir Airteagal 12 den Choinbhinsiún seo;

(l) Ciallóidh ‘Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí’ eagraíocht atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha réigiúin áirithe, a bhfuil inniúlacht aistrithe ag a Ballstáit chuici i leith ábhair atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún seo;

(m) Ciallóidh ‘Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin’ nó ‘Clár’ Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin arna bhunú le Rún CM/Res(2023)3 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 12 Bealtaine 2023 mar a dheimhnítear le Rún CM/Res(2025)3 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 9 Iúil 2025;

(n) Ciallóidh ‘Rialacha agus Rialacháin’ na rialacha agus na rialacháin lena rialaítear obair an Choimisiúin arna nglacadh ag an gComhairle de réir fhomhír 2(c) d’Airteagal 10 den Choinbhinsiún seo agus arna bhformheas ag an Tionól de réir fhomhír 4(c) d’Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo;

(o) Ciallóidh ‘Rúnaíocht’ Rúnaíocht an Choimisiúin arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún seo.

CUID II

BUNÚ, SAINORDÚ AGUS FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN IDIRNÁISIÚNTA ÉILEAMH DON ÚCRÁIN

Airteagal 2

Bunú an Choimisiúin Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin

Bunaítear leis seo an Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin mar chomhlacht neamhspleách faoi chuimsiú chreat institiúideach Chomhairle na hEorpa.

Airteagal 3

Sainordú agus Feidhmeanna an Choimisiúin

1. Beidh an Coimisiún ina chomhlacht riaracháin a chinneann Éilimh ar chúiteamh i leith damáiste, caillteanais nó díobhála arna ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine de bharr gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta, lena n-áirítear a fogha de shárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe, chomh maith le haon sárú ag Cónaidhm na Rúise ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, ar damáiste, caillteanas nó díobháil iad a rinneadh:

(a) an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin;

(b) (i) ar chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear a talamh, a aerspás, a huiscí inmheánacha agus a farraige theorann;

(ii) i limistéar eacnamaíoch eisiach na hÚcráine agus ar a scairbh ilchríochach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus, de réir mar is infheidhme, le reachtaíocht náisiúnta na hÚcráine; nó

(iii) d'aon aerárthach nó soitheach atá faoi dhlínse na hÚcráine; agus'.

(c) do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, chomh maith le Stát na hÚcráine, lena n-áirítear a údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus a eintitis faoi úinéireacht nó faoi rialú an stáit.

2. Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallóidh sainordú an Choimisiúin faoi mhír 1 thuas go ndéanfaidh an Coimisiún éilimh a athbhreithniú, a mheasúnú agus a chinneadh agus go gcinnfidh sé aon mhéid cúitimh a bheidh dlite i ngach cás.

3. Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na saincheisteanna riaracháin, airgeadais, nós imeachta, fíorasacha, dlíthiúla agus beartais uile de réir mar is gá chun éilimh a chinneadh agus chun aon mhéid cúitimh atá dlite i ngach cás a chinneadh.

4. Oibreoidh an Coimisiún ar an mbonn go bhfuil Cónaidhm na Rúise, faoin dlí idirnáisiúnta, freagrach as gach damáiste, caillteanas nó díobháil arb iad a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine ba chúis leo i gcomhréir le mír 1 thuas.

5. Cinntí críochnaitheacha a bheidh i gcinntí ón gCoimisiún, lena n-áirítear cinntí maidir le méideanna cúitimh a chinnfear agus a dhámhfar i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo. Beidh cinntí maidir le méideanna cúitimh ina léiriú ar mheasúnú cóir cothrom ar luach Éilimh agus ar luach Éilimh a chinneadh.

6. Déanfaidh Comhaltaí uile an Choimisiúin cinntí ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann le hoibriú an Choimisiúin, a mheas mar chinntí a réitíonn go críochnaitheach gach ceist fhíorasach agus dhlíthiúil i ndáil le hÉileamh.

CUID III

STÁDAS DLÍTHIÚIL AGUS SUÍOMH

Airteagal 4

Pearsantacht Dhlítheanach

1. Beidh pearsantacht dhlítheanach idirnáisiúnta ag an gCoimisiún.

2. Dá réir sin, beidh ag an gCoimisiún cibé inniúlacht dhlíthiúil is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú, a shainordú a chomhlíonadh, agus a leasanna a chosaint, go háirithe an cumas comhaontuithe a dhéanamh, maoin inchorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil agus a dhiúscairt, agus imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.

Airteagal 5

Suíomh

1. Is i gcríoch ceann de na Páirtithe sa Choinbhinsiún seo a bheidh suíomh an Choimisiúin.

2. Déanfar stádas agus oibriú an Choimisiúin sa Stát óstach a rialáil le comhaontú Stáit óstaigh arna thabhairt i gcrích idir an Stát óstach agus an Coimisiún.

3. Beidh oifig ag an gCoimisiún san Úcráin chun cúnamh a thabhairt don Tionól, don Chomhairle agus do na Painéil ina bhfeidhmeanna.

4. Déanfaidh an Coimisiún socruithe agus/nó comhaontuithe leis an Úcráin lena rialófar stádas agus oibriú oifig an Choimisiúin san Úcráin.

5. Féadfaidh an Tionól a chinneadh oifigí de chuid an Choimisiúin a bhunú in aon Stát eile faoi réir thoiliú an Stáit sin.

Airteagal 6

Pribhléidí agus Díolúintí

1. Beidh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear a oifig san Úcráin agus aon oifig i Stáit eile, ar chríoch gach Stáit is Comhalta, na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú agus a shainordú a chomhlíonadh.

2. Déanfaidh Stáit is Comhaltaí, ina gcríoch, na rialacha a leagtar amach sa Chomhaontú Ginearálta ar Phribhléidí agus ar Dhíolúintí Chomhairle na hEorpa a chur i bhfeidhm maidir leis an gCoimisiún, a hoifigí, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí eile na Rúnaíochta, agus saineolaithe a fhostaíonn an Coimisiún, go háirithe:

(a) Airteagail 3 go 7 den Chomhaontú Ginearálta ar Phribhléidí agus ar Dhíolúintí Chomhairle na hEorpa, i leith an Choimisiúin, lena n-áirítear a oifigí, a mhaoin agus a shócmhainní;

(b) Airteagal 18 den Chomhaontú Ginearálta ar Phribhléidí agus ar Dhíolúintí Chomhairle na hEorpa, i leith an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus chomhaltaí eile na Rúnaíochta;

(c) Airteagal 18(a) agus (e) den Chomhaontú Ginearálta ar Phribhléidí agus ar Dhíolúintí Chomhairle na hEorpa maidir leis na saineolaithe a fhostaíonn an Coimisiún.

3. Déanfaidh Stáit is Comhaltaí, ina gcríoch, na pribhléidí agus na díolúintí céanna dá bhforáiltear faoi Airteagal 16 den Chomhaontú Ginearálta ar Phribhléidí agus ar Dhíolúintí Chomhairle na hEorpa a chur chun feidhme maidir leis na Coimisinéirí agus iad ag gabháil do ghnó an Choimisiúin.

4. Maidir le hionadaithe Comhaltaí ar orgáin an Choimisiúin, na Coimisinéirí, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí eile den Rúnaíocht, agus saineolaithe arna bhfostú ag an gCoimisiún, tabharfar dóibh, i gcríoch gach Stáit is Comhalta, díolúine ó gach uile phróis dlí i leith a bhfocail labhartha nó scríofa agus gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, agus leanfar den díolúine sin a thabhairt dóibh tar éis dá dtéarmaí oifige dul in éag.

5. Féadfaidh aon Stát is Comhalta, trí fhógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a dhearbhú nach mbeidh feidhm ag aon díolúine ó phróis dlí a thugtar do dhuine le míreanna 2, 3 agus 4 thuas i gcás cion i gcoinne na rialachán maidir le trácht mótarfheithiclí arna ndéanamh ag duine den sórt sin, nó i gcás damáiste arb í mótarfheithicil a bhaineann le duine den sórt sin nó a thiomáineann duine den sórt sin is cúis leis.

6. Pribhléidí agus díolúintí na nithe seo a leanas:

(a) féadfaidh an Tionól pribhléidí agus díolúintí na gCoimisinéirí a tharscaoileadh;

(b) féadfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa pribhléidí agus díolúintí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, comhaltaí eile na Rúnaíochta, agus saineolaithe arna bhfostú ag an gCoimisiún a tharscaoileadh.

7. Féadfaidh an Tionól an díolúine faoi fhomhír 2(a) thuas a tharscaoileadh. Ní bhainfidh tarscaoileadh díolúine den sórt sin le haon bheart forghníomhaithe i maoin an Choimisiúin ná le haon choigistiú maoine de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear a ardán digiteach agus na sonraí uile faoi Éilimh agus fianaise, a mbeidh gá le tarscaoileadh ar leithligh ón Tionól ina leith.

8. I gcás séanadh ó aon Chomhalta nó foirceannadh an Choinbhinsiúin seo, leanfaidh Comhaltaí de na díolúintí dá dtagraítear san airteagal seo a dheonú.

CUID IV

STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN

Airteagal 7

Tionól

1. Beidh an Tionól comhdhéanta de Chomhaltaí uile an Choimisiúin.

2. Tiocfaidh an Tionól le chéile ag suíomh an Choimisiúin mura gcinnfidh an Tionól a mhalairt. Comórfaidh taiscí an Choinbhinsiúin seo an chéad chruinniú den Tionól laistigh de bhliain amháin tar éis dó teacht i bhfeidhm.

3. Toghfaidh an Tionól Cathaoirleach agus beirt Leas-Chathaoirleach ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh Cathaoirleach an Tionóil, nó, in éagmais an Chathaoirligh, duine de na Leas-Chathaoirligh, imeachtaí an Tionóil a sheoladh agus dualgais eile a chomhlíonadh i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta arna nglacadh ag an Tionól.

4. Déanfaidh an Tionól an méid seo a leanas:

(a) beidh freagracht fhoriomlán orthu as sainordú an Choimisiúin a chomhlíonadh agus maoirseacht a dhéanamh ar obair chomhlachtaí an Choimisiúin;

(b) bearta chun aidhmeanna an Choimisiúin a chur chun cinn a mholadh do na Comhaltaí, do chomhlachtaí an Choimisiúin, agus do na fo-orgáin dá dtagraítear i bhfomhír (i) thíos;

(c) rialacha agus rialacháin lena rialaítear obair an Choimisiúin arna nglacadh ag an gComhairle i gcomhréir le fomhír 2(c) d'Airteagal 10 den Choinbhinsiún seo a fhormheas;

(d) comhaltaí na Comhairle a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún seo;

(e) uainchlár na n-iarrthóirí le feidhmiú mar Choimisinéirí a fhormheas agus uainchlár den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad;

(f) ag a chéad chruinniú, agus ina dhiaidh sin de réir mar is gá, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Choimisiúin a thoghadh lena cheapadh ag Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa;

(g) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a údarú chun aistriú an Chláir chuig an gCoimisiún a fhorghníomhú de bhun Airteagail 24 agus 25 den Choinbhinsiún seo tráth a mheasann an Tionól a bheith iomchuí, agus na hiarmhairtí ar ranníocaíochtaí measúnaithe bliantúla na gComhaltaí á gcur san áireamh;

(h) ar mholadh ón gComhairle, a údarú don Chomhairle Painéil a bhunú agus na Coimisinéirí is gá a cheapadh tráth a mheasfaidh an Tionól a bheith iomchuí, agus na hiarmhairtí do ranníocaíochtaí measúnaithe bliantúla na gComhaltaí á gcur san áireamh;

(i) ar mholadh ón gComhairle agus/nó ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, aon fho-orgán is gá chun feidhmeanna an Choimisiúin a fheidhmiú a bhunú;

(j) scála bliantúil na ranníocaíochtaí a ghlacadh;

(k) buiséad bliantúil an Choimisiúin a ghlacadh;

(l) tuarascáil airgeadais bhliantúil an Choimisiúin a ghlacadh;

(m) tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin a ghlacadh; agus

(n) aon fheidhm eile a dhílsítear dó leis an gCoinbhinsiún seo agus aon fheidhm eile is gá chun sainordú an Choimisiúin a chomhlíonadh nach bhfuil dílsithe leis an gCoinbhinsiún seo don Chomhairle, do Phainéil na gCoimisinéirí, don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ná don Rúnaíocht a chomhlíonadh. Féadfaidh an Tionól cuid de na feidhmeanna eile sin nó iad uile a tharmligean chuig an gComhairle.

5. Tiocfaidh an Tionól le chéile a mhinice is gá, ach uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tionólfaidh an Tionól nuair a chinnfidh sé amhlaidh, arna iarraidh sin don Chomhairle, nó arna iarraidh sin d'aon Chomhalta má thacaíonn trian de na Comhaltaí leis an iarraidh sin. Beidh sé de cheart ag an gCathaoirleach cruinnithe urghnácha den Tionól a thionól i gcás ina bhfuil géarghá leis. Faoi réir mhír 6 thíos, ní mór tromlach na gComhaltaí uile a bheith i láthair le haghaidh aon chinnteoireacht de chuid an Tionóil.

6. Féadfaidh an Tionól a chinnteoireacht a fheidhmiú trí nós imeachta i scríbhinn agus trí mhodhanna leictreonacha mar a chinntear i rialacha nós imeachta an Tionóil.

7. Féadfaidh an Tionól coistí comhairleacha a bhunú chun cabhrú lena chuid oibre i réimsí sonracha atá ábhartha don Tionól nó don Choimisiún ina iomláine.

8. Glacfaidh an Tionól a rialacha nós imeachta féin agus aon riail nó socrú eile is gá chun a fheidhmeanna a chur chun feidhme.

9. Feidhmeoidh an Rúnaíocht mar rúnaíocht an Tionóil.

Airteagail 8

Coiste Airgeadais

1. Bunóidh an Tionól an Coiste Airgeadais mar fho-orgán den Tionól. Déanfaidh an Coiste Airgeadais an méid seo a leanas:

(a) ranníocaíochtaí measúnaithe bliantúla na gComhaltaí a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 23(3) den Choinbhinsiún seo;

(b) comhairle a chur ar fáil don Rúnaíocht agus buiséad an Choimisiúin á ullmhú;

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtbhuiséad an Choimisiúin don bhliain dár gcionn, mar a d'ullmhaigh an Rúnaíocht é, agus tuairisciú don Tionól;

(d) glacadh ranníocaíochtaí ó eintitis seachas Comhaltaí agus Breathnóirí a athbhreithniú agus a údarú i gcomhréir le h Airteagal 23(4) den Choinbhinsiún seo;

(e) moltaí a chur ar fáil don Tionól a bhaineann le hábhair airgeadais ábhartha eile; agus

(f) aon chúram eile a dhéanamh a bhaineann le cúrsaí airgeadais a shannfaidh an Tionól dó.

2. Beidh an Coiste Airgeadais comhdhéanta d'ionadaithe ó na daoine seo a leanas:

(a) na Comhaltaí uile arb iad na Mór-Ranníocóirí le buiséad an Choimisiúin iad;

(b) Comhaltaí agus Breathnóirí eile a ghnóthaíonn ioncam do bhuiséad an Choimisiúin atá comhionann ar a laghad le ranníocaíochtaí éigeantacha na Mór-Ranníocóirí le linn na bliana airgeadais ar ina leith a rinne siad ranníocaíocht den sórt sin;

(c) comhaltaí eile arna dtoghadh ag an Tionól.

3. Cinnfidh an Tionól líon na gComhaltaí agus na mBreathnóirí faoi fhomhíreanna 2(b) agus 2(c) thuas. Déanfaidh an Tionól athbhreithniú ar na huimhreacha sin gach bliain. Ní bheidh an líon Breathnóirí níos airde ná líon na gComhaltaí.

4. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún cistí leordhóthanacha go hiomlán ó fhoinsí seachas ranníocaíochtaí measúnaithe chun freastal ar a riachtanais bhuiséadacha, ní bheidh ar an gCoiste Airgeadais ach ionadaithe ó Chomhaltaí arna dtoghadh ag an Tionól.

5. Féachfaidh an Coiste Airgeadais lena chinntí a ghlacadh de chomhthoil. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Choinbhinsiún seo, i gcás ina mbeidh iarrachtaí chun teacht ar chomhthoil ídithe, glacfaidh an Coiste Airgeadais cinntí trí thromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear, agus vóta amháin ag gach comhalta den Choiste Airgeadais. Is gá tromlach de chomhaltaí an Choiste Airgeadais a bheith i láthair le haghaidh aon chinnteoireacht de chuid an Choiste Airgeadais.

6. Déanfar cinntí maidir le hábhair nós imeachta a ghlacadh trí thromlach na vótaí a chaitear. Má bhíonn amhras nó éiginnteacht ann maidir le hábhar, an ábhar nós imeachta é nó nach ea, glacfar an cinneadh i gcomhréir le mír 5 thuas.

7. Tiocfaidh an Coiste Airgeadais le chéile de réir mar is gá agus tuairisceoidh sé don Tionól. Féadfaidh an Coiste Airgeadais cuireadh a thabhairt do Chomhaltaí, Breathnóirí, agus Stáit agus eintitis eile a thug tacaíocht airgeadais don Choimisiún le linn na tréimhse tuairiscithe ábhartha a bheith i láthair le linn chruinnithe an Choiste Airgeadais.

8. Soláthróidh an Rúnaíocht an tacaíocht riaracháin is gá don Choiste Airgeadais.

Airteagal 9

Vótáil sa Tionól

1. Mura gceanglaítear tairseach eile go sonrach leis an gCoinbhinsiún seo, glacfaidh an Tionól a chinntí trí thromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear.

2. Glacfar cinntí faoi fhomhíreanna 4(g) agus 4(h) d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo trí thromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear, lena n-áirítear vótaí dearfacha na Mór-Ranníocóirí uile.

3. Déanfar cinntí maidir le hábhair nós imeachta a ghlacadh trí thromlach na vótaí a chaitear. Má bhíonn amhras nó éiginnteacht ann maidir le hábhar, an ábhar nós imeachta é nó nach ea, glacfar an cinneadh i gcomhréir le mír 1 thuas.

4. Beidh vóta amháin ag gach Comhalta sa Tionól.

Airteagal 10

Comhairle

1. Déanfar comhdhéanamh na Comhairle a chinneadh mar a leanas:

(a) Naoi gcomhalta ar a laghad agus cúig chomhalta dhéag ar a mhéad a bheidh ar an gComhairle. Mura gcinnfidh an Tionól a mhalairt, fónfaidh comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse 3 bliana ar bhonn uainíochta. Cinnfidh an Tionól comhdhéanamh na Comhairle ó liosta comhaltaí a léirigh spéis i bheith ar an gComhairle, san ord ina ndearnadh Comhalta díobh.

(b) Cinnfidh an Tionól naonúr comhaltaí tosaigh a bheidh comhdhéanta den Chomhairle ag a chéad chruinniú nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

(c) Cinnfidh an Tionól triúr comhaltaí breise den Chomhairle ag an gcruinniú tar éis an tríochadú ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa an Choinbhinsiúin seo nó aontachais leis an gCoinbhinsiún seo a thaisceadh, agus triúr comhaltaí breise tar éis an daicheadú ionstraim den sórt sin a thaisceadh.

(d) Nuair a bheidh an Úcráin agus/nó Cónaidhm na Rúise ina gcomhaltaí den Chomhairle i gcomhréir le rialacha fhomhír (a) thuas, staonfaidh siad ó vótáil faoi fhomhíreanna 2(b), 2(c)(ii) go (v), agus 2(d) thíos. Nuair is Comhaltaí iad an Úcráin agus/nó Cónaidhm na Rúise, ach nach comhaltaí den Chomhairle iad, iarrfar orthu páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Comhairle a mbeidh sé de cheart acu a seasamh a chur i láthair, ach gan ceart vótála acu.

(e) Glacfaidh an Tionól na rialacha lena rialófar uainíocht an chomhaltais sa Chomhairle i gcomhréir le forálacha an airteagail seo, lena n-áirítear leanúnachas a áirithiú nuair a dhéantar uainíocht ar an gcomhaltas.

2. Déanfaidh an Chomhairle, gan dochar d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo, an méid seo a leanas:

(a) beidh sí freagrach as sainordú an Choimisiúin a fheidhmiú;

(b) ceapfaidh sí na Coimisinéirí ó uainchlár na n-iarrthóirí a bheidh formheasta ag an Tionól de réir fhomhír 4(e) d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo agus bunóidh sí Painéil i gcomhréir le hAirteagal 12 den Choinbhinsiún seo;

(c) glacfaidh sí na rialacha agus na rialacháin lena rialaítear obair an Choimisiúin, a bheidh le formheas ag an Tionól ina dhiaidh sin, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas a chinneadh:

i. rialacha agus nósanna imeachta chun Coimisinéirí a cheapadh do Phainéil agus iad a chur as Painéil;

ii. rialacha agus nósanna imeachta maidir le héilimh a chur isteach, a athbhreithniú, a mheasúnú agus a chinneadh, agus maidir leis an méid cúitimh a bheidh dlite i ngach cás a chinneadh;

iii. caighdeáin agus ceanglais maidir le fianaise;

iv. rialacha maidir le damáiste, caillteanas nó díobháil a mheas;

v. caighdeáin agus cineálacha cur chuige maidir le cúiteamh;

vi. nósanna imeachta chun saincheisteanna atá faoi dhíospóid a réiteach;

vii. an t-ord tosaíochta chun Éilimh a athbhreithniú, a mheasúnú agus a chinneadh;

viii. na rialacha agus na nósanna imeachta is gá chun leanúint le hobair an Chláir faoi chuimsiú an Choimisiúin; agus

ix. ábhair eile a thagann faoi inniúlacht na Comhairle;

(d) beidh sé d'údarás aici moltaí na bPainéal a ghlacadh nó a tharchur le haghaidh cinntí maidir leis na méideanna cúitimh atá dlite ar Éilimh arna mbreithniú ag na Painéil, agus maidir le bunús dlí agus fíorasach na moltaí, faoi réir Airteagail 17 agus 18 den Choinbhinsiún seo; agus

(e) aon fheidhm eile a tharmligfidh an Tionól chuige a chomhlíonadh.

3. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile go rialta chun moltaí na bPainéal a bhreithniú le haghaidh cinntí i ndáil le hÉilimh a bhreithnítear agus chun aon chinneadh eile a dhéanamh is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh an Rúnaíocht a bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle i gcáil chomhairleach.

4. Féachfaidh an Chomhairle lena cinntí a ghlacadh de chomhthoil. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Choinbhinsiún seo, i gcás ina mbeidh iarrachtaí chun teacht ar chomhthoil ídithe, glacfaidh an Chomhairle cinntí trí thromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear, agus vóta amháin ag gach comhalta den Chomhairle. Faoi réir mhír 5 thíos, is gá tromlach de chomhaltaí na Comhairle a bheith i láthair le haghaidh aon chinnteoireacht de chuid na Comhairle.

5. Féadfaidh an Chomhairle a cinnteoireacht a fheidhmiú trí nós imeachta i scríbhinn agus trí mheán leictreonach mar a chinnfear ina rialacha nós imeachta.

6. Déanfar cinntí maidir le hábhair nós imeachta a ghlacadh trí thromlach na vótaí a chaitear. Má bhíonn amhras nó éiginnteacht ann maidir le hábhar, an ábhar nós imeachta é nó nach ea, glacfar an cinneadh i gcomhréir le mír 4 thuas.

7. Glacfaidh an Chomhairle a rialacha nós imeachta féin agus aon chomhshocraíocht eile is gá chun a feidhmeanna a chur chun feidhme. Toghfaidh an Chomhairle Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach amháin nó beirt as measc a comhaltaí le haghaidh téarmaí oifige bliana agus féadfar iad a atoghadh.

8. Cuirfidh an Chomhairle tuarascálacha ar fáil don Tionól dhá uair sa bhliain. Áireofar sna tuarascálacha sin an líon Éileamh a bhreithnigh an Chomhairle agus an méid iomlán cúitimh a dámhadh i ngach catagóir, chomh maith le hachoimre ar aon ábhar mór fíorasach nó dlíthiúil eile atá ábhartha d'obair an Choimisiúin.

Airteagal 11

Coimisinéirí

1. Ceapfar Coimisinéirí ar bhonn cuimsitheach, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le neamhspleáchas, neamhchlaontacht, ionracas, ardtréith mhorálta, taithí, saineolas gairmiúil ildisciplíneach, ionadaíocht gheografach leathan, agus cothromaíocht inscne. Beidh na Coimisinéirí ina saineolaithe ar réimsí amhail an dlí idirnáisiúnta, réiteach díospóidí, airgeadas, cuntasaíocht, árachas, nó measúnú damáiste. Féadfaidh an Chomhairle ceanglais bhreise a bhunú chun Coimisinéirí a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na bPainéal.

2. Féadfaidh Comhaltaí iarrthóirí ar Choimisinéirí a ainmniú. Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh go díreach chun feidhmiú mar Choimisinéirí freisin. Eagróidh an Rúnaíocht an próiseas ainmniúcháin agus iarratais, déanfaidh sí na hiarrthóirí a scagadh, agus cruthóidh sí uainchlár na n-iarrthóirí incháilithe chun feidhmiú mar Choimisinéirí.

3. Cuirfidh an Rúnaíocht uainchlár na n-iarrthóirí faoi bhráid an Tionóil lena fhormheas. Cuirfidh an Rúnaíocht uainchlár nuashonraithe faoi bhráid an Tionóil lena fhormheas go bliantúil, nó arna iarraidh sin don Tionól nó don Chomhairle.

4. Ní féidir iarrthóirí a dhícháiliú ar bhonn a náisiúntachta amháin.

5. Cinnfidh an Chomhairle téarmaí fostaíochta na gCoimisinéirí, lena n-áirítear a luach saothair.

6. Suífidh na Coimisinéirí ina gcáil aonair agus beidh siad ar fáil chun a ndualgais a chomhlíonadh ar mhodh éifeachtach.

Airteagal 12

Painéil

1. Bunóidh an Chomhairle painéil chun Éilimh a athbhreithniú agus a mheasúnú agus chun aon mhéid cúitimh a bheidh dlite i ngach cás a chinneadh. Cuirfidh siad moltaí le haghaidh cinntí faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh.

2. Is í an Chomhairle, ar mholadh ón Rúnaíocht, agus aird á tabhairt ar éifeachtúlacht, solúbthacht agus ualach oibre, a chinnfidh an líon Painéal a bhunófar chomh maith le sainordú gach Painéil.

3. Beidh gach Painéal comhdhéanta de thriúr Coimisinéirí a cheapfaidh an Chomhairle ar an bPainéal sin.

4. Déanfaidh Coimisinéirí gach Painéil, de chomhthoil, Cathaoirleach an Phainéil sin a ainmniú as a measc féin. Mura mbeidh siad in ann teacht ar chomhthoil, ainmneoidh an Chomhairle an Cathaoirleach.

Airteagal 13

Rúnaíocht

1. Beidh Rúnaíocht ag an gCoimisiún a mbeidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas uirthi.

2. Soláthróidh an Rúnaíocht, faoi údarás an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, tacaíocht shubstainteach, theicniúil agus riaracháin chun an Coimisiún a chothabháil agus a fheidhmiú.

3. Beidh an saineolas is gá ag an Rúnaíocht nó gheobhaidh sí an saineolas is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear saineolas leordhóthanach ar an dlí náisiúnta ábhartha agus inniúlacht i dteangacha ábhartha.

4. Beidh feidhm ag Rialacháin Foirne agus Rialacha Foirne Chomhairle na hEorpa maidir leis an Rúnaíocht. Beidh náisiúnaigh de chuid Bhallstáit uile de Chomhairle na hEorpa agus náisiúnaigh na gComhaltaí uile cáilithe lena gceapadh mar chomhaltaí foirne den Choimisiún. Féadfaidh an Tionól maolú breise a dhéanamh ar rialacha agus rialacháin is infheidhme Chomhairle na hEorpa, lena n-áirítear maidir le náisiúntacht na foirne, má chuirtear feidhmiú fheidhmeanna an Choimisiúin chun cinn tríd an méid sin a dhéanamh. Cuirfear na maoluithe formheasta sin in iúl don Choiste Airí agus d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

Airteagal 14

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht thar ceann an Choimisiúin agus tá sé i dteideal gníomhú thar a cheann.

2. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i dteideal conarthaí, comhaontuithe agus socruithe a thabhairt i gcrích thar ceann an Choimisiúin. Tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin aon chomhaontú idirnáisiúnta i gcrích thar ceann an Choimisiúin tar éis formheas a fháil roimh ré ón Tionól. Aon socrú le comhlachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta lena bhforáiltear d'aon mhalartú faisnéise faoi Éilimh nó fianaise, tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gcrích iad thar ceann an Choimisiúin tar éis formheas a fháil roimh ré ón gComhairle.

3. Tarmligfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cibé cumhachtaí is gá chun dualgais an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a fheidhmiú i dtaca leis an Rúnaíocht.

4. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an méid seo a leanas:

(a) beidh freagracht air ó lá go lá as maoirseacht a dhéanamh ar obair na Rúnaíochta agus as an obair sin a riar;

(b) tacaíocht shubstainteach, theicniúil, riaracháin agus eagraíochtúil a áirithiú d'obair an Tionóil, na Comhairle agus na bPainéal, lena n-áirítear idirchaidreamh rialta agus ullmhú a gcruinnithe;

(c) beidh sé freagrach as Éilimh a chur ar aghaidh chuig na Painéil lena mbreithniú agus as moltaí na bPainéal a chur ar aghaidh chuig an gComhairle;

(d) idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann le hobair an Choimisiúin, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hÉilimh agus fianaise; agus

(e) aon fheidhm eile a chomhlíonadh a dhílsítear don Stiúrthóir Feidhmiúcháin leis an gCoinbhinsiún seo nó a tharmligfidh an Tionól agus/nó an Chomhairle.

5. Is é an Tionól a thoghfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Nuair a thoghfaidh an Tionól an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ceapfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa é agus beifear ag súil go mbeidh téarma in-athnuaite 4 bliana aige.

6. Iarrtar ar na Comhaltaí iarrthóirí a ainmniú don phost, agus cineál na nÉileamh os comhair an Choimisiúin á chur san áireamh.

7. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ina ndaoine ionracais, a mbeidh ardtréithe morálta orthu, taithí iomchuí acu, agus cáilíochtaí gairmiúla acu don ról sin.

Airteagal 15

Neamhspleáchas

1. Beidh na Coimisinéirí, chomh maith leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus comhaltaí eile na Rúnaíochta, neamhspleách i bhfeidhmiú a ndualgas.

2. Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, ní lorgóidh ná ní ghlacfaidh na Coimisinéirí, ná an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus comhaltaí eile na Rúnaíochta, treoracha ó aon rialtas ná ó aon údarás ná eintiteas eile lasmuigh den Choimisiún. Staonfaidh siad ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar a seasamh mar oifigigh idirnáisiúnta atá freagrach don Choimisiún amháin.

3. Geallann gach Comhalta, chomh maith le Comhairle na hEorpa agus a comhlachtaí, urraim a thabhairt do chineál neamhspleách amháin fhreagrachtaí na gCoimisinéirí, an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus chomhaltaí eile na Rúnaíochta, agus gan féachaint le tionchar a imirt orthu i gcomhlíonadh a ndualgas dóibh.

4. Ní bheidh aon leas pearsanta ná airgeadais ag na Coimisinéirí, ná ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ná ag comhaltaí eile na Rúnaíochta, in aon ábhar os comhair an Choimisiúin. Déanfar aon choinbhleacht leasa a nochtadh agus déileálfar léi i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

5. Glacfaidh an Chomhairle rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa agus nochtadh do na Coimisinéirí, agus, de réir mar is iomchuí, don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus do chomhaltaí eile na Rúnaíochta.

CUID V

ÉILIMH AGUS NÓS IMEACHTA

Airteagal 16

Scrúdú ar Éilimh ag Painéil

1. Scrúdóidh na Painéil Éilimh, suífidh siad an bhfuil bunús leis na hÉilimh, cinnfidh siad aon mhéid cúitimh atá dlite i leith gach Éilimh, agus déanfaidh siad moltaí maidir le cinntí chuig an gComhairle lena nglacadh i gcomhréir leis na Rialacha agus na Rialacháin is infheidhme.

2. Féadfaidh na painéil a iarraidh ar an Rúnaíocht saineolaithe a fhostú chun cabhrú leo i gcás ina bhfuil gá le heolas, saineolas nó taithí speisialaithe.

3. Déanfar na hÉilimh a scrúdú ar bhonn na Rialacha agus na Rialachán. Cinnfidh na painéil a modhanna oibre féin.

4. Cuirfidh an Rúnaíocht cúnamh riaracháin, teicniúil, dlíthiúil agus cúnamh eile ar fáil do na Painéil i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna ach ní bheidh baint aici le cinnteoireacht deiridh na bPainéal.

Airteagal 17

Cinnteoireacht na bPainéal

1. Féachfaidh na Painéil lena moltaí a ghlacadh de chomhthoil. I gcás ina mbeidh iarrachtaí chun teacht ar chomhthoil ídithe, glacfaidh tromlach na gCoimisinéirí ar an bPainéal moltaí le haghaidh cinntí. Taifeadfaidh an Rúnaíocht cibé acu a glacadh cinntí na bPainéal trí chomhthoil nó trí thromlach agus toradh aon vótála.

2. Beidh na moltaí le haghaidh chinntí na bPainéal réasúnaithe.

Airteagal 18

Cinnteoireacht maidir le Moltaí na bPainéal

1. Breithneoidh an Chomhairle moltaí na bPainéal maidir le hÉilimh a luaithe is féidir tar éis na moltaí sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle. Ina measúnú ar na moltaí, leanfaidh an Chomhairle grúpáil na n-Éileamh, más ann dóibh, a úsáideann na Painéil.

2. Tar éis don Chomhairle breithniú iomlán a dhéanamh air, measfar moladh a bheith formheasta ag an gComhairle mura gcinnfidh an Chomhairle, ar fhorais a shonraítear sna Rialacha agus sna Rialacháin, an moladh a tharchur chuig an bPainéal, lena soláthrófar na cúiseanna lena chinneadh mar aon le haon treoir bhreise, a bheidh ina chuid dhílis den chinneadh ón gComhairle.

3. Breithneoidh an Painéal treoir na Comhairle agus déanfaidh sé moladh nua de réir mar is iomchuí.

4. Sna cásanna eisceachtúla dá bhforáiltear sna Rialacha agus sna Rialacháin, féadfaidh an Chomhairle moladh ó Phainéal a tharchur chuig painéal athbhreithnithe *ad hoc* arna bhunú ag an gComhairle chun na críche sin.

5. Triúr Cathaoirligh na bPainéal a bheidh ar an bpainéal athbhreithnithe *ad hoc*. Beidh feidhm ag Airteagail 16 agus 17 den Choinbhinsiún seo maidir le painéil athbhreithnithe *ad hoc* agus maidir lena gcuid oibre.

6. Tar éis don Chomhairle an moladh ón bpainéal athbhreithnithe *ad hoc* a bhreithniú go hiomlán, measfar é a bheith formheasta ag an gComhairle mura dtarchuirfidh an Chomhairle an t-ábhar chuig an Tionól, a chinnfidh go críochnaitheach an t-ábhar in ionad na Comhairle.

7. Aon mholadh a fhormheasfar i gcomhréir leis an airteagal seo, tiocfaidh sé chun bheith ina chinneadh críochnaitheach ón gCoimisiún maidir le haon Éileamh i dtrácht, agus ní bheidh sé faoi réir a thuilleadh achomhairc ná athbhreithnithe.

8. Coinneoidh an Rúnaíocht taifead de chinnteoireacht an Tionóil, na Comhairle agus aon phainéil athbhreithnithe *ad hoc*.

Airteagal 19

Breithiúnais nó Dámhachtainí ó Chúirteanna nó Binsí agus Comhlachtaí Breithnitheacha Eile

1. Ina gcinnteoireacht, cuirfidh na Painéil agus an Chomhairle san áireamh, de réir mar is iomchuí, breithiúnais nó dámhachtainí ábhartha ó chúirteanna nó ó bhinsí agus ó chomhlachtaí breithnithe eile arna mbunú faoin dlí idirnáisiúnta.

2. Féadfaidh na Painéil agus an Chomhairle breithiúnais nó dámhachtainí ábhartha ó aon chúirt agus binse náisiúnta a chur san áireamh freisin.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trína chomhlachtaí, bearta iomchuí chun a áirithiú nach bhfaighidh aon éilitheoir cúiteamh dúbailte i leith an damáiste, an chaillteanais nó na díobhála céanna. Féachfaidh na comhaltaí le tacú leis an gCoimisiún ina leith sin, go háirithe trí fhaisnéis a mhalartú leis an gCoimisiún, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 20

Caighdeáin agus Coimircí

1. Feidhmeoidh an Coimisiún, lena n-áirítear a Chomhairle, a Phainéil agus a Rúnaíocht, de réir na gcaighdeán is airde neamhspleáchais, neamhchlaontachta, cothroime agus oibiachtúlachta.

2. Oibreoidh an Coimisiún ar bhealach trédhearcach, cuirfidh sé an pobal ar an eolas go tráthrialta faoina ghníomhaíochtaí, agus déanfaidh sé sonraí pearsanta a chosaint go cuí. Glacfaidh an Chomhairle na rialacha maidir le trédhearcacht, lena n-áirítear na rialacha a bhaineann le cinntí ón gCoimisiún a fhoilsiú.

3. Glacfaidh an Chomhairle rialacha maidir le sonraí pearsanta agus rúndacht a chosaint.

4. Seolfar imeachtaí uile an Choimisiúin lena n-áiritheofar coimircí nós imeachta iomchuí.

Airteagal 21

Cistiú Cúitimh arna Dhámhadh agus Forfheidhmiú

1. Aithníonn na Comhaltaí nach mór do Chónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta uile a iompar, lena n-áirítear cúiteamh a íoc i leith na díobhála, lena n-áirítear aon damáiste, arb iad gníomhartha den sórt sin is cúis léi. Táthar ag súil, dá bhrí sin, go maoineoidh Cónaidhm na Rúise an cúiteamh arna chinneadh agus arna dhámhachtain ag an gCoimisiún faoin gCoinbhinsiún seo.

2. Ní bheidh sé de cheangal ar chomhaltaí, cé is moite de Chónaidhm na Rúise, an cúiteamh arna chinneadh agus arna dhámhachtain ag an gCoimisiún a chistiú.

3. Ní féidir cinntí ón gCoimisiún a fhorfheidhmiú trí chúirteanna nó trí institiúidí breithiúnacha nó garbhreithiúnacha eile laistigh de dhlínsí náisiúnta na gComhaltaí ach amháin má cheadaíonn Comhalta ábhartha iad go sainráite faoi dhlí náisiúnta an Chomhalta sin.

Airteagal 22

Sásraí chun Cúiteamh arna Dhámhadh a Íoc

Féadfaidh an Tionól breithniú a dhéanamh ar na sásraí chun cúiteamh a íoc a dhámhtar tar éis cistiú a bheith ar fáil, lena n-áirítear íocaíocht ó aon chiste cúitimh a d'fhéadfaí a bhunú nó a ainmniú chun na críche sin tráth a chomhaontóidh an Tionól a bheith iomchuí.

CUID VI

MAOINIÚ AN CHOIMISIÚIN

Airteagal 23

Maoiniú agus Buiséad

1. Nuair a thiocfaidh Cónaidhm na Rúise chun bheith ina Comhalta, seasfaidh sí costais an Choimisiúin ó theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo.

2. Go dtí go seasfaidh Cónaidhm na Rúise costais an Choimisiúin, maoineofar an Coimisiún trí ranníocaíochtaí measúnaithe bliantúla na gComhaltaí agus trí ranníocaíochtaí deonacha. Déanfar ranníocaíochtaí den sórt sin gan dochar don fhéidearthacht aisghabháil a dhéanamh ó Chónaidhm na Rúise.

3. Is é an Coiste Airgeadais a chinnfidh ranníocaíochtaí measúnaithe bliantúla na gComhaltaí, bunaithe ar na critéir chun scála bliantúil na ranníocaíochtaí do bhuiséad ginearálta Chomhairle na hEorpa a chinneadh agus is féidir leis an Tionól iad a choigeartú i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an scála sin bunaithe.

4. Féadfaidh an Coimisiún ranníocaíochtaí deonacha a bhaineann lena chuid oibre a fháil agus a úsáid, lena n-áirítear ranníocaíochtaí comhchineáil. Beidh na ranníocaíochtaí sin comhsheasmhach le sainordú agus feidhmeanna an Choimisiúin. Tá ranníocaíochtaí ó eintitis seachas Comhaltaí agus Breathnóirí faoi réir údarú roimh ré ón gCoiste Airgeadais.

5. Beidh a bhuiséad féin ag an gCoimisiún faoi chuimsiú Chomhairle na hEorpa. Glacfaidh an Tionól buiséad an Choimisiúin don bhliain dár gcionn gach bliain, arna ullmhú ag an Rúnaíocht agus arna athbhreithniú ag an gCoiste Airgeadais.

6. Faoi réir fhorálacha an Choinbhinsiúin seo, beidh feidhm ag Rialacháin Airgeadais Chomhairle na hEorpa.

7. Féadfaidh an Tionól cearta Comhalta a chur ar fionraí i gcás ina measfaidh sé gur mhainnigh an Comhalta a oibleagáidí airgeadais faoin gCoinbhinsiún seo a chomhlíonadh.

CUID VII

CLÁR AN DAMÁISTE A RINNE FOGHA CHÓNAIDHM NA RÚISE FAOIN ÚCRÁIN

Airteagal 24

Obair an Chláir a Aistriú

1. A luaithe is féidir tar éis an Coimisiún a bhunú agus a Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i dteagmháil leis an gClár agus/nó le Comhairle na hEorpa chun ullmhúcháin a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun obair an Chláir a aistriú chuig an gCoimisiún ar bhealach a áiritheoidh oibriú gan bhriseadh an Chláir go dtí go gcuirfear deireadh leis, agus a chuirfidh faisnéis faoi Éilimh agus fianaise atá i seilbh an Chláir ar fáil don Choimisiún. Áireofar san aistriú sin ardán digiteach an Chláir, lena n-áirítear an fhaisnéis uile faoi Éilimh agus fianaise atá ann, doiciméadacht eile, a chartlanna, a mhaoin shochorraithe agus dhochorraithe, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, cuntais bhainc, trealamh teicneolaíochta faisnéise, bogearraí agus aon cheadúnas a ghabhann leo, conarthaí, agus socruithe de chuid an Chláir, chomh maith le haon sonraí gaolmhara, ar bhealach go mbeidh an Coimisiún ina chomharba dlíthiúil ar an gClár.

2. Tabharfaidh an Tionól, an Chomhairle agus na Comhaltaí cúnamh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin de réir mar is gá agus is iomchuí chun ullmhú d'aistriú obair an Chláir chuig an gCoimisiún.

3. Tar éis chinneadh an Tionóil faoi fhomhír 4(g) d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin aistriú obair an Chláir chuig an gCoimisiún a chur i gcrích, agus deimhneoidh sé don Tionól nuair a bheidh an t-aistriú sin curtha i gcrích agus nuair is féidir leis an gCoimisiún tús a chur lena chuid oibre ar na hÉilimh.

Airteagal 25

Leanúint d'Obair an Chláir Faoi Chuimsiú Chreat an Choimisiúin

1. Leanfar d'fheidhmeanna an Chláir, lena n-áirítear cur isteach Éileamh a eagrú, mar chuid den Choimisiún.

2. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, rialacha agus nósanna imeachta ábhartha chuige sin.

CUID VIII

CLÁSAIL DEIRIDH

Airteagal 26

Réiteach Díospóidí

I gcás díospóid idir Comhaltaí maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo, féachfaidh na Comhaltaí sin leis an díospóid a réiteach trí chaibidlíocht nó trí aon mhodh síochánta eile dá rogha féin, lena n-áirítear tríd an Tionól, a éascóidh réiteach cairdiúil na ndíospóidí sin.

Airteagal 27

Comhaltas agus Stádas Breathnóra

1. Faoi réir Airteagal 28 den Choinbhinsiún seo, féadfaidh aon Stát, an tAontas Eorpach agus aon Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí eile a bheith ina gComhalta den Choimisiún trí theacht chun bheith ina bPáirtí sa Choinbhinsiún seo i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo.

2. Féadfaidh an Tionól a iarraidh ar aon Stát, ar aon Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí nó ar aon eagraíocht idirnáisiúnta a bheith ina mBreathnóir ar an gCoimisiún i gcomhréir leis na téarmaí arna mbunú ag an Tionól. Féadfaidh aon Stát, Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí nó eagraíocht idirnáisiúnta a iarraidh go dtabharfaí cuireadh dóibh a bheith ina mBreathnóir.

3. Gan dochar d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo, féadfaidh Breathnóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Tionóil gan ceart vótála a bheith acu agus ráitis ó bhéal nó i scríbhinn a dhéanamh i gcruinnithe an Tionóil.

4. Beidh sé de cheart ag breathnóirí a rinne ranníocaíochtaí deonacha le buiséad an Choimisiúin de mhéid atá comhionann ar a laghad leis an méid a chinnfidh an Tionól i gcomhréir le fomhír 4(j) d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo, a bheith rannpháirteach i nglacadh bhuiséad bliantúil an Choimisiúin, i dtuarascáil airgeadais bhliantúil an Choimisiúin, agus i dtuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin i gcomhréir le fomhíreanna 4(k) go (m) d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo agus a bhfuil ceart vótála acu sa Tionól le linn na bliana airgeadais a ndearna siad ranníocaíocht den sórt sin ina leith.

5. Aon Chomhalta a bheidh ag gníomhú ar mhodh atá ar neamhréir le sainordú an Choimisiúin nó a chuirfidh bac ar a fheidhmeanna, féadfar é a chur ar fionraí óna chearta agus féadfaidh an Tionól a iarraidh air tarraingt siar de réir Airteagal 35 den Choinbhinsiún seo. Mura gcomhlíonfaidh an Comhalta sin an iarraidh sin, féadfaidh an Tionól a chinneadh gur scoir an Comhalta sin de bheith ina Chomhalta amhail ó cibé dáta a chinnfidh an Tionól.

6. Aon Bhreathnóir a ghníomhaíonn ar bhealach atá ar neamhréir le sainordú an Choimisiúin nó a chuireann bac ar a fheidhmeanna, féadfaidh an Tionól a stádas breathnóra a chur ar fionraí nó a chúlghairm, i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna mbunú ag an Tionól.

Airteagal 28

Ballraíocht Chónaidhm na Rúise agus Rannpháirtíocht in Obair Chomhlachtaí an Choimisiúin

1. Féadfaidh Cónaidhm na Rúise a bheith ina Comhalta den Choimisiún tráth ar bith trína toiliú a chur in iúl maidir le bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún seo i gcomhréir le hAirteagal 31 den Choinbhinsiún seo, agus ar choinníoll go ndéanfar dearbhú a bheidh le cur ag gabháil le hionstraim aontachais leis an gCoinbhinsiún seo, ina ndearbhaíonn sí an méid seo a leanas:

(a) go glacann sí freagracht uirthi faoin dlí idirnáisiúnta as damáiste, caillteanas agus díobháil arb iad a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine is cúis leo, lena n-áirítear a fogha de shárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe, chomh maith lena sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, ar damáiste, caillteanas nó díobháil iad a rinneadh:

i. ar chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear a talamh, a aerspás, a huiscí inmheánacha agus a farraige theorann;

ii. i limistéar eacnamaíoch eisiach na hÚcráine agus ar a scairbh ilchríochach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus, de réir mar is infheidhme, le reachtaíocht náisiúnta na hÚcráine;

iii. d'aon aerárthach nó soitheach atá faoi dhlínse na hÚcráine;

iv. do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, chomh maith le Stát na hÚcráine, lena n-áirítear a údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus a eintitis faoi úinéireacht nó faoi rialú an stáit;

(b) go gcomhaontaíonn sí go n-urramóidh sí cinntí ón gCoimisiúin maidir le cúiteamh agus go gcuirfidh sí na hacmhainní is gá ar fáil chun cúiteamh arna dhámhachtain nó méid éigin eile arna chomhaontú ag an Úcráin a íoc; agus

(c) go gcomhaontaíonn sí na Comhaltaí agus, i gcás inarb infheidhme, Breathnóirí a aisíoc as a ranníocaíochtaí le costais an Choimisiúin.

2. Deimhneoidh an Tionól dó féin go gcomhlíonann an dearbhú ó Chónaidhm na Rúise atá ag gabháil lena ionstraim aontachais na coinníollacha i mír 1 thuas.

3. Déanfaidh an Chomhairle, a luaithe a léireoidh Cónaidhm na Rúise gur spéis léi a bheith ina Comhalta den Choimisiún, rialacha breise a ghlacadh lena rialófar rannpháirtíocht Chónaidhm na Rúise in obair an Choimisiúin. Déanfaidh an Tionól na rialacha sin a fhormheas de chomhthoil.

4. Féadfaidh Cónaidhm na Rúise a iarraidh go n-iarrfaí uirthi a bheith ina Breathnóir ar an gCoimisiún tráth ar bith i gcomhréir le hAirteagal 27 den Choinbhinsiún seo.

Airteagal 29

Taiscí

Is é Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa taiscí an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 30

Síniú, Daingniú, Glacadh, Formheas agus Teacht i bhFeidhm

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit uile de Chomhairle na hEorpa, ag an Aontas Eorpach, agus ag aon Stát eile a ghlac páirt sa Chomhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh, agus ag aon Stát eile a vótáil i bhfabhar Rún ES-11/5 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 14 Samhain 2022, dar teideal 'Leigheas agus cúiteamh i leith fogha faoin Úcráin a chur chun cinn'.

2. Tá an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

3. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go bhfuil sé curtha in iúl ag cúig shínitheoir is fiche go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún seo de réir fhorálacha mhír 2 thuas; agus

(b) 50 % ar a laghad de bhuiséad iomlán an Chláir le haghaidh 2025 ([1]) atá i ranníocaíochtaí aonair comhiomlána na sínitheoirí sin le buiséad an Chláir le haghaidh 2025.

([1]) I gcomhréir le buiséad coigeartaithe 2025 (doiciméad RD4U-COP(2024)16, lch. 6, Tábla 7), arna ghlacadh ag Comhdháil Rannpháirtithe an Chláir an 11 Deireadh Fómhair 2024 (doiciméad RD4U-COP(2024)18, lch. 3), is ionann €3 692 150 agus 50 % de bhuiséad iomlán an Chláir le haghaidh 2025. I gcás sínitheoirí nach bhfuil ranníocaíocht déanta acu le buiséad an Chláir le haghaidh 2025, an méid arbh é a ranníocaíocht mheasúnaithe le buiséad an Chláir é dá mba Rannpháirtí sa Chlár iad, úsáidfear é chun na ranníocaíochtaí aonair comhiomlána faoi fhomhír (b) seo a ríomh.

4. Faoi réir Airteagal 28 den Choinbhinsiún seo, maidir le Cónaidhm na Rúise, maidir le haon sínitheoir dá dtagraítear i mír 1 thuas a chuireann in iúl ina dhiaidh sin go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a thaiscfear a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa.

Airteagal 31

Aontachas

1. Tar éis theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo, féadfaidh na Páirtithe sa Choinbhinsiún seo, tríd an Tionól, a iarraidh chun aontú don Choinbhinsiún seo aon Stát nó Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí nach raibh rannpháirteach sa Chomhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh agus nár vótáil i bhfabhar rún ES-11/5 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 14 Samhain 2022, dar teideal 'Leigheas agus cúiteamh a chur chun cinn as fogha faoin Úcráin'.

2. D'ainneoin mhír 1 thuas, agus i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún seo, féadfaidh Cónaidhm na Rúise aontú don Choinbhinsiún seo tráth ar bith.

3. Maidir le haon Stát aontach nó le haon Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a thaiscfear an ionstraim aontachais le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

Airteagal 32

Cur i bhfeidhm Críochach

1. Féadfaidh aon Stát, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, críoch nó críocha an Stáit sin lena mbainfidh an Coinbhinsiún seo a shonrú.

2. Féadfaidh aon Stát, aon dáta níos déanaí, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, feidhmiú an Choinbhinsiúin seo a leathnú go dtí aon chríoch eile de chuid an Stáit sin a bheidh sonraithe sa dearbhú agus a mbeidh sé freagrach as a chaidreamh idirnáisiúnta nó a n-údaraítear dó gealltanais a thabhairt thar a cheann. Maidir leis an gcríoch sin, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an dearbhú sin a fháil.

3. Féadfar aon dearbhú a dhéanfar faoi mhíreanna 1 agus 2 thuas a tharraingt siar, i leith aon chríche a shonrófar in aon dearbhú den sórt sin, trí fhógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Beidh éifeacht leis an tarraingt siar an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an fógra sin a fháil.

Airteagal 33

Leasuithe

1. Féadfaidh aon Chomhalta leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo a mholadh.

2. Féadfar a áireamh sna tograí chun an Coinbhinsiún seo a leasú togra chun raon feidhme ama an Choinbhinsiúin seo a leathnú chun go n-áireofar Éilimh ar chúiteamh i leith damáiste, caillteanais nó díobhála, arb iad gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine arna ndéanamh an 20 Feabhra 2014 nó dá éis is cúis leo.

3. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa aon togra le haghaidh leasaithe in iúl do na Comhaltaí. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an Tionól ar an eolas faoi sin.

4. Breithneoidh an Tionól an leasú atá beartaithe agus féadfaidh sé é a ghlacadh.

5. Cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa téacs aon leasaithe a ghlacfaidh an Tionól ar aghaidh chuig na Comhaltaí lena dhaingniú, lena ghlacadh nó lena fhormheas.

6. Tiocfaidh aon leasú a ghlacfar i gcomhréir leis an airteagal seo i bhfeidhm an 30ú lá tar éis an dáta a chuirfidh na Comhaltaí uile in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa go bhfuil sé daingnithe, glactha nó formheasta acu.

Airteagal 34

Forchoimeádais

Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas a dhéanamh i leith fhorálacha an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 35

Séanadh

1. Tráth ar bith tar éis an dáta a tháinig an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm de réir Airteagal 30 den Choinbhinsiún seo, féadfaidh aon Chomhalta an Coinbhinsiún seo a shéanadh trí fhógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

2. Beidh éifeacht leis an séanadh sin an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 12 mhí a bheith caite tar éis d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an fógra a fháil. I gcás séanadh ó Chónaidhm na Rúise, 10 mbliana a bheidh sa tréimhse éaga nó go dtí go bhfoirceannfar an Coinbhinsiún seo de réir Airteagal 36 den Choinbhinsiún seo.

3. Ní bheidh aon éifeacht chúlghabhálach ag aon séanadh faoin airteagal seo ar na gealltanais ná na hoibleagáidí faoin gCoinbhinsiún seo fad a bheidh an Comhalta sin a dhéanann an séanadh ina chomhalta.

Airteagal 36

Ré agus Foirceannadh

1. Gan dochar do mhír 4 thíos, fanfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm ar feadh íostréimhse deich mbliana ó dháta a theacht i bhfeidhm.

2. Fanfaidh sé i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar feadh tréimhsí comhleanúnacha suas le 5 bliana má chinneann an Tionól, trí thromlach trí cheathrú ar a laghad de na Comhaltaí uile, trí chinneadh a ghlacfar laistigh de bhliain roimh dheireadh na tréimhse a bheidh ann an tráth sin, gur cheart dó fanacht i bhfeidhm.

3. Tráth ar bith tar éis do chomóradh 10 mbliana an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm, féadfaidh an Tionól, trí thromlach trí cheathrú ar a laghad de na Comhaltaí uile, an Coinbhinsiún seo a fhoirceannadh agus an Coimisiún a dhíscaoileadh.

4. Foirceannfaidh an Tionól an Coinbhinsiún seo más rud é:

(a) de thoradh séanta arna dhéanamh de réir Airteagal 35 den Choinbhinsiún seo, go dtiteann an líon Páirtithe sa Choinbhinsiún seo faoi bhun na tairsí a shonraítear i bhfomhír 3(a) d'Airteagal 30 den Choinbhinsiún seo; nó

(b) nach bhfuil dóthain cistí ann chun na costais a bhfuil coinne leo don 12 mhí ina dhiaidh sin d'oibríochtaí an Choimisiúin a mhaoiniú agus níl an Coimisiún in ann modhanna malartacha maoinithe a fháil don Choimisiún.

5. Beidh éifeacht le foirceannadh faoi fhomhír 4(a) thuas 12 mhí ón dáta a bhfaighidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa an fógra séanta lena spreagtar an teagmhas sin, mura rud é, laistigh de 3 mhí ón dáta a thiteann an líon Páirtithe sa Choinbhinsiún seo faoi bhun na tairsí a shonraítear i bhfomhír 3(a) d'Airteagal 30 den Choinbhinsiún seo, go gcinneann an Tionól de chomhthoil gur cheart go bhfanfadh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm agus gur cheart don Choimisiún leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse shonraithe.

6. Beidh éifeacht le foirceannadh faoi fhomhír 4(b) thuas a luaithe is féidir tar éis an dáta a chinnfidh an Tionól é a fhoirceannadh.

7. I gcás fhoirceannadh an Choinbhinsiúin seo agus dhíscaoileadh an Choimisiúin, áiritheoidh an Tionól go gcaomhnófar ina dhiaidh sin an fhaisnéis uile faoi na hEilimh agus faoin bhfianaise a gheobhaidh an Coimisiún, faoina chinntí, agus faoi dhoiciméid eile, lena n-áirítear a chartlanna.

8. Sula ndéanfar an Coinbhinsiún seo a fhoirceannadh agus an Coimisiún a dhíscaoileadh de bhun an airteagail seo, glacfaidh an Tionól aon socrú idirthréimhseach is gá.

Airteagal 37

Fógraí

Tabharfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa fógra do Bhallstáit de Chomhairle na hEorpa, do Stáit eile agus don Aontas Eorpach a ghlac páirt sa Chomhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh, d'aon sínitheoir, d'aon Pháirtí, agus d'aon Stát nó d'aon Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí eile ar iarradh orthu aontú don Choinbhinsiún seo faoi na nithe seo a leanas:

(a) aon síniú;

(b) taisceadh aon ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais;

(c) dáta theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo i gcomhréir le hAirteagal 30 den Choinbhinsiún seo;

(d) aon leasú arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 den Choinbhinsiún seo agus an dáta a thiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm;

(e) aon dearbhú arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Choinbhinsiún seo;

(f) aon séanadh arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 35 den Choinbhinsiún seo;

(g) aon ghníomh, dearbhú, fógra nó teachtaireacht eile a bhaineann leis an gCoinbhinsiún seo.

Dá fhianú sin, chuir na daoine a bhfuil a síniú leis seo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Coinbhinsiún seo a shíniú.

Arna dhéanamh sa Háig, an 16ú lá seo de mhí na Nollag 2025, i mBéarla, i bhFraincis agus i Spáinnis, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Chomhairle na hEorpa. Tarchuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe chuig gach Ballstát de Chomhairle na hEorpa, chuig aon Stát eile agus chuig an Aontas Eorpach a ghlac páirt sa Chomhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh, agus chuig aon Stát nó chuig aon Eagraíocht Lánpháirtíochta Réigiúnaí a n-iarrtar orthu aontú don Choinbhinsiún seo.